# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

**OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL**

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 16 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceiste(anna) a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.
SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'siosma' ná deighilt nó scoilt i bpobal creidimh.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**2.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'seanmóireacht' ná ______________________________

______________________________________________________________________

**3.** Baisteadh Íosa — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Sa Mhuir Mharbh ☐ In Abhainn na hIordáine ☐ I Muir na Gailíle ☐

**4.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'machnamh' ná ______________________________

______________________________________________________________________

**5.** Léigh liosta na suíomhanna agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Rinneadh suíomh amháin a mheaitseáil le reiligiún domhanda amháin a bhfuil an bhaint is mó ag a scéal bunaidh leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Suíomhanna* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Canán | An Búdachas |
| Gleann na hIondúise | An Chríostaíocht |
| Tuaisceart na hIndia | An Hiondúchas |
| An Phalaistín | An tIoslamachas |
| An Araib Shádach | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | An Phalaistín | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**6.** Cuireann saothar Tacitus fianaise stairiúil ar fáil maidir le saol Íosa Nazórach.
(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'géarleanúint' ná am nuair a ______________________

______________________________________________________________________

**8.** Rugadh Íosa in Ireachó. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**9.** Léigh liosta na bpaidreacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Tá paidir amháin meaitseáilte leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aici leis mar shampla duit.
Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Paidreacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Ár nAthair/Paidir an Tiarna | An Búdachas |
| An Paritta | An Chríostaíocht |
| Na Sailm | An Hiondúchas |
| An Rig Veda | An tIoslamachas |
| An Shahada/Shahadah | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Ár nAthair/ Paidir an Tiarna | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**10.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'fáidh' ná duine a ____________________

____________________

**11.** Is féidir tionchar a bheith ag teaghlach duine ar an tuairim atá aige/aici maidir lena bhfuil ceart nó mícheart. Ainmnigh tionchar **eile** a bheadh ar an tuairim atá ag duine maidir lena bhfuil ceart nó mícheart. ____________________

____________________

**12.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'éacúiméineachas' ná ____________________

____________________

**13.** Is sampla amháin í an Eaglais Chaitliceach Rómhánach de phobal creidimh atá in Éirinn.

Ainmnigh pobal creidimh **eile** atá in Éirinn. ____________________

____________________

**14.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'ceartas' ná ____________________

____________________

**15.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é an téarma a dhéanann cur síos ar an gcreideamh in aon Dia amháin ná —

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Daonnachas ☐ An tAondiachas ☐ An Seicteachas ☐

**16.** Is é a chiallaíonn comhartha ná rud nó gníomh a chuireann teachtaireacht nó brí in iúl.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**17.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'gairm' ná ____________________

____________________

**18.** Léigh liosta na dtéacsanna diaga agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Rinneadh téacs diaga amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Téacsanna Diaga* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Na Soiscéil | An Búdachas |
| An Córán (Qur'an) | An Chríostaíocht |
| An Tenakh | An Hiondúchas |
| An Tripitaka | An tIoslamachas |
| Na Vedas | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Na Soiscéil | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**19.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'muinín' ná ____________________

____________________

**20.** Is é atá i gceist le hiompar 'mímhorálta' ná ____________________

____________________

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN ACU. **(Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Is grianghraf é seo de dhaoine ag teacht le chéile do dhialóg idir-chreidmheach.**



*www.santegidio.org*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** as an ngrianghraf seo ina dtugtar le tuiscint gur sampla é de chomhthionól idir-chreidmheach.

______________________________________

______________________________________

(6 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de dhialóg idir-chreidmheach.

______________________________________

______________________________________

______________________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a nglacann baill de phobal creidimh páirt i ndialóg idir-chreidmheach.

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

(8 marc)

**Ceist 2. Tá an pictiúr seo bunaithe ar mhíorúilt Íosa iníon Iáras a thógáil.**



*www.qwickstep.com*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** ón bpictiúr seo a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar mhíorúilt Íosa iníon Iáras a thógáil.

______________________________________

______________________________________

(6 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de mhíorúilt a rinne Íosa.

______________________________________

______________________________________

______________________________________

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a ndearna Íosa míorúiltí.

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________


(8 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**Ceist 3. Is grianghraf é seo d'íocón reiligiúnach.**



*Curtha in oiriúint ó www.istok.net*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** ón ngrianghraf seo a thugann le tuiscint gur íocón reiligiúnach é seo.

(6 mharc)

**B.** Is sampla amháin de shiombail reiligiúnach é an t-íocón sa ghrianghraf seo. Ainmnigh sampla **eile** de shiombail reiligiúnach.

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a bhfuil tábhacht le siombail reiligiúnach do bhaill de phobal creidimh.

(8 marc)

**Ceist 4. Is grianghraf é seo de phóstaer do lá síochána.**




*Curtha in oiriúint ó www.teachpeace.com*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** ón bpóstaer seo a thugann le tuiscint go bhfuil sé deartha chun daoine a spreagadh le hobair a dhéanamh ar son na síochána.

(6 mharc)

**B.** Tabhair sampla **amháin** de bhealach ina n-oibríonn baill de phobal creidimh ar son na síochána.

(6 mharc)

**C.** Luaigh cúis **amháin** a n-oibríonn baill de phobal creidimh ar son na síochána.

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Is cárta poist ó Chnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo, é an cárta seo a leanas.*

LÉIGH AN tALT THÍOS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR INA DHIAIDH.



Curtha in oiriúint ó www. marypages.com

*Jo, a chara,*

*Beannachtaí ó Chnoc Mhuire. Bhí mé ag cuimhneamh ort inniu agus mé ar cuairt ar an Scrín in ómós do Mhuire Mháthair. Tá an-chuid daoine cosúil liom féin anseo agus iad ag guí ar son a dteaghlach agus a gcairde. Is áit an-speisialta é Cnoc Mhuire do líon mór daoine. Creidtear gur thaispeáin Muire Mháthair, Naomh Iósaf agus Naomh Eoin iad féin ag balla binne na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí níos mó ná céad bliain ó shin. Ghuigh an Pápa Eoin Pól II agus an Mháthair Treasa ag an Scrín, fiú, agus iad in Éirinn.*

*Le linn mo chuairte casadh daoine d'aoiseanna éagsúla orm a thaistil ón domhan ar fad le guí a dhéanamh ag an Scrín i gCnoc Mhuire. Cé go raibh a lán daoine ag guí ag an Scrín, bhí an áit fós an-chiúin agus suaimhneach. Feictear daoine áirithe ag guí i ngrúpaí agus iad ag siúl timpeall na Scríne. Tá daoine eile a shuíonn san Eaglais ag guí nó ag éisteacht le hiomainn. Ag amanna áirithe i rith an lae tugtar cuireadh do na daoine atá tinn teacht le chéile san Eaglais le beannacht a fháil. Baineann daoine áirithe úsáid as a gcuairt ar Chnoc Mhuire chun an caidreamh atá acu le Dia a neartú trí labhairt le sagart i sacraimint na faoistine etc. Sa Scrín tá a lán áiteanna ina stopann daoine agus ina lastar coinnle dá n-intinní speisialta. Las mé coinneal do d'intinní agus chuir mé ag an Scrín duit é.*

*– Phil*

**1.** Bunaithe ar a bhfuil léite agat san alt seo mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht le Cnoc Mhuire do bhaill de phobal creidimh.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**2.** Is áit amháin in Éirinn é Cnoc Mhuire atá tábhachtach do bhaill de phobal creidimh.
Ainmnigh áit **eile** in Éirinn atá tábhachtach do phobal creidimh. ______________________

______________________________________________

(8 marc)

**3.** OILITHREACHT REILIGIÚNACH ☐ CLEACHTADH REILIGIÚNACH ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na téarmaí thuas agus déan cur síos ar shampla de chaoi inar féidir é a fheiceáil sa chárta poist thuas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)

**4.** a. Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le sampla **eile** d'oilithreacht reiligiúnach *nó* de chleachtadh reiligiúnach a bhaineann le mór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis an oilithreacht reiligiúnach *nó* an cleachtadh reiligiúnach a bhfuil breac-chuntas tugthar uirthi/air thuas do bhaill an mhór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil baint aige léi/leis.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(16 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. Is saintréith de phobail chreidimh í an chumarsáid. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

(8 marc)

b. ● COMHOIBRIÚ ● MISEAN ● COMHROINNT

Roghnaigh **dhá** cheann díobh seo thuas agus mínigh cúis a bhfuil tábhacht le gach ceann díobh do bhaill pobal creidimh.

i. ____________________

ii. ____________________

(12 mharc)

**B.** a. I ngach pobal glacann daoine freagrachtaí éagsúla orthu féin.

Ainmnigh **dhá** ról a d'fhéadfadh a bheith ag daoine i bpobal creidimh.

i. ____________________

ii. ____________________ (10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le **gach** ceann de na róil i bpobal creidimh atá ainmnithe agat thuas.

i. ______________________

ii. ______________________

(10 marc)

**Ceist 2.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. B'iad na daoine a raibh an chumhacht pholaitiúil acu sa Phalaistín in am Íosa ná —

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

NA BABLÓNAIGH ☐ NA hÉIGIPTIGH ☐ NA RÓMHÁNAIGH ☐ (8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar ghníomhaigh ceann **amháin** de na grúpaí reiligiúnacha seo a leanas ina gcoinne siúd a raibh an chumhacht pholaitiúil acu sa Phalaistín in am Íosa:

- NA FAIRISÍNIGH
- NA SADÚCAIGH
- NA DÍOGRAISEOIRÍ

______________________

*(Grúpa Reiligiúnach)*



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

(16 mharc)

**B.** Déan cur síos ar ar tharla le linn eachtra inar tharla coimhlint idir Íosa agus baill de cheann **amháin** de na grúpaí reiligiúnacha seo a leanas:

- NA FAIRISÍNIGH
- NA SADÚCAIGH
- NA DÍOGRAISEOIRÍ

_______________
*(Grúpa Reiligiúnach)*

(16 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh am **amháin** den bhliain a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint leis do bhaill den reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha leis thuas agat. ______________________

______________________________________________

(8 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht reiligiúnach leis an am den bhliain atá ainmnithe thuas do bhaill den reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha leis thuas agat.

i. ______________________________________________

ii. ______________________________________________

(12 mharc)

**B.** a. I dtraidisiún reiligiúnach is é a chiallaíonn 'forleathnú' ná ______________________

______________________________________________

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. Tabhair breac-chuntas ar ar tharla le linn tréimhse forleathnaithe i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

*(Reiligiún Domhanda)*

(12 mharc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** a. Ainmnigh mór-reiligiún domhanda **amháin** a bhfuil baint aige leis an ildiachas sa lá atá inniu ann.

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** de bhealach inar féidir an t-ildiachas a fheiceáil sa reiligiún domhanda atá ainmnithe agat thuas.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

(12 mharc)

**B.** a. Is bealach amháin í an urnaí ina léiríonn daoine creideamh reiligiúnach.

Ainmnigh bealach **eile** ina léiríonn daoine creideamh reiligiúnach.

(8 marc)

b. Déan cur síos ar bhealach **amháin** inar féidir leis an gcreideamh i leanbh forbairt agus é/í ag fás aníos.

(12 mharc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** Is cineál amháin urnaí é an midheamhain. Ainmnigh cineál urnaí **eile**.

(8 marc)

**B.** Déan cur síos ar shampla **amháin** ar a bhfuil i gceist leis an gcineál urnaí atá ainmnithe agat thuas.

(16 mharc)

**C.** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis an gcineál urnaí atá ainmnithe agat thuas do bhaill de phobal creidimh.

i.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

ii.

(16 mharc)

## Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.** a. Is sampla amháin de chód morálta reiligiúnach iad na Deich nAitheanta.

Ainmnigh cód morálta reiligiúnach **eile**.

(8 marc)

b. Déan cur síos ar **dhá** bhealach inar féidir le cód morálta a bheith ina chúnamh do bhaill pobal creidimh.

i.



Don Scrúdaitheoir amháin
+ =

ii.

(12 mharc)

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'maoirseacht' ná

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi a ndéantar an mhaoirseacht a chleachtadh i bpobal creidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

(12 mharc)